
Bille na Gaelscolaíochta




Eochairfhocail: tionól, gaeloideachas, comhoibriú, bille, conspóid
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén páirtí polaitíochta a chuir cosc ar an mbille gaelscolaíochta i dTionól Thuaisceart Éireann an tseachtain seo?
2. Cad go díreach a bheadh i gceist leis an mbille gaelscolaíochta seo?
3. Cad a deir na gaelscoileanna maidir leis an méid atá tarlaithe?
4. Cén tuairim atá ag Conradh na Gaeilge faoina bhfuil déanta ag an DUP?
5. Cad atá ráite ag ceannaire an DUP Gavin Robinson maidir leis an gconspóid seo?
6. Céard iad an dá rud a luann an tuairisceoir nach mbeidh mórán de chomhoibriú ar siúl idir an dá mhórpháirtí fúthu?
7. Cathain a bheidh an chéad toghchán eile ann i dTuaisceart Éireann?
8. An bhfuil aon eolas agat ar Thuaisceart Éireann? Ag obair le do pháirtí ranga breacaigí síos cúig fhíric nó cúig phointe eolais atá ar eolas agaibh faoi Thuaisceart Éireann.

Bille na Gaelscolaíochta




Eochairfhocail: tionól, gaeloideachas, comhoibriú, bille, conspóid
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

Féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach

	F	B
Is é Pól Deeds Coimisinéir Teanga Thuaisceart Éireann		
Níor chuir an DUP in aghaidh an bhille gaelscolaíochta an tseachtain seo		
Cuireadh an bille chun cinn toisc go bhfuil a lán easnamh ann maidir leis an soláthar gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann		
Bhain an DUP leas as an meicníocht Achainí ar Bhonn Imní chun cur in aghaidh an bhille seo		
Ceapann Pilip Mistéil go ndearna an DUP an rud ceart cosc a chur ar an mbille seo		
Tá Conradh na Gaeilge den tuairim go ndéanann an DUP rudaí den saghas seo nuair a bhíonn siad faoi bhrú ó thaobh na polaitíochta de		
Is é Gavin Robinson Leas-Cheannaire an DUP		
Ceapann Ailbhe Ó Monacháin go gcuirfidh an chonspóid seo deireadh le Feidhmeannas Stormont go luath		

Bille na Gaelscolaíochta



Eochairfhocail: tionól, gaeloideachas, comhoibriú, bille, conspóid
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:


Is múinteoir gaelscoile tú i dTuaisceart Éireann. Déan cur síos gairid ar na heaspaí atá sa chóras dar leat. Is leor 70 focal sa chur síos.

Cabhróidh an stór focal seo a leanas leat.

Easnaimh mhóra sa chóras	Traenáil agus oiliúint níos fearr de dhíth
Easpa deiseanna uasoiliúna	Frustrachas
Ag snámh in aghaidh easa uaireanta	Múinteoirí eolaíochta agus mata le Gaeilge
Earcaíocht	Cothrom na féinne



Bille na Gaelscolaíochta




Eochairfhocail: monatóireacht, státseirbhís, iarrthóir, dualgas dlíthiúil, measúnú
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Freagraí:

1. An DUP
2. Rachadh sé i ngleic leis na heaspaí móra atá ann ó thaobh soláthar an ghaeloideachais de.
3. Tá deis mhór forbartha don ghaeloideachas curtha amú/caithfear tosú ar dhréachtú reachtaíochta ó bhun arís
4. Veto seicteach atá ann agus troidfidh siad ina éadan
5. Gur freagra é seo ar dhánacht Shinn Féin le linn chonspóid Dhroim Crí
6. Cúrsaí cultúir agus féiniúlachta
7. Mí na Bealtaine seo chugainn

Bille na Gaelscolaíochta



Eochairfhocail: monatóireacht, státseirbhís, iarrthóir, dualgas dlíthiúil, measúnú
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Freagraí:

	F	B
Is é Pól Deeds Coimisinéir Teanga Thuaisceart Éireann	F	
Níor chuir an DUP in aghaidh an bhille gaelscolaíochta an tseachtain seo		B
Cuireadh an bille chun cinn toisc go bhfuil a lán easnamh ann maidir leis an soláthar gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann	F	
Bhain an DUP leas as an meicníocht Achainí ar Bhonn Imní chun cur in aghaidh an bhille seo	F	
Ceapann Pilip Mistéil go ndearna an DUP an rud ceart cosc a chur ar an mbille seo		B
Tá Conradh na Gaeilge den tuairim go ndéanann an DUP rudaí den saghas seo nuair a bhíonn siad faoi bhrú ó thaobh na polaitíochta de	F	
Is é Gavin Robinson Leas-Cheannaire an DUP		B
Ceapann Ailbhe Ó Monacháin go gcuirfidh an chonspóid seo deireadh le Feidhmeannas Stormont go luath		B